C/2024/7265

29.11.2024

Fógra le haghaidh duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

(C/2024/7265)

Dírítear aird Choguel MAÏGA (uimhir 3), duine a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá an Chomhairle ag smaoineamh ar na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne an duine thuasluaite, bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna. Cuirtear in iúl don duine sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas ar chúiseanna lena ainmniú a choinneáil atá beartaithe a fháil, **roimh an 7 Nollaig 2024**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË/AN BHEILG
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 251, 29.9.2017, lch. 23.
(2) IO L 251, 29.9.2017, lch. 1.